


GCSE



Sonraíocht GCSE CCEA Ealaín agus Dearadh

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017
Le measúnú den chéad uair Samhradh 2019
Le bronnadh den chéad uair Samhradh 2019
Cód Ábhair: 3510



Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 3, Inneachar Ábhair, den tSonraíocht.

3 Inneachar Ábhair

Tá an cúrsa seo roinnte againn ina dhá chomhpháirt. Leagann an roinn seo amach an t-inneachar agus na torthaí foghlama do gach comhpháirt.

3.1 Croí-eolas agus croíthuiscint

Léiríonn daltaí eolas agus tuiscint trí na scileanna seo a leanas a chur i bhfeidhm ar dhóigh phraiticiúil. Cuireann siad intinní pearsanta i gcrích atá ábhartha do na disciplíní a roghnaigh siad. Fiosraíonn daltaí na rudaí seo agus forbraíonn siad tuiscint orthu:

- obair agus cur chuige na n-ealaíontóirí, na gcleachtóirí ceardaíochta nó na ndearthóirí ó chomhthéacsanna, ó thréimhsí, ó shochaithe agus ó chultúir chomhaimseartha agus/nó stairiúla;
- comhthéacsanna, tionchair nó saincheisteanna comhaimseartha agus/nó stairiúla;
- na dóigheanna ar féidir bríonna, smaointe agus intinní a chur in iúl trí theanga fhísiúil agus thadhlaigh agus gnéithe foirmiúla físiúla in úsáid, lena n-áirítear:
 - dath;
 - líne;
 - cruth;
 - foirm;
 - uigeacht;
 - ton; agus
 - patrún;
- na tréithe, na hairíonna agus na héifeachtaí a bhaineann le meáin, ábhair, teicnící, próisis agus teicneolaíochtaí éagsúla agus na dóigheanna inar féidir iad a úsáid faoi choinne intinní cruthaitheacha agus disciplíní roghnaithe na ndaltaí féin; agus
- na cuspóirí, intinní agus feidhmeanna éagsúla a bhaineann le healaín, ceardaíocht agus dearadh i gcomhthéacsanna éagsúla agus de réir mar is cuí in obair na ndaltaí féin.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go sainmhínítear teanga fhísiúil sa tsonraíocht seo mar ghnéithe foirmiúla físiúla, meáin, ábhair, teicnící, próisis agus teicneolaíochtaí, chomh maith le cumarsáid neamhfísiúil amhail cumarsáid thadhlaigh agus chéadfach.

3.2 Croí-scileanna

Caithfidh daltaí a léiriú go bhfuil ar a gcumas:

- a smaointe a fhorbairt trí imscrúduithe ar cuireadh bonn eolais fúthu trí fhoinsí a roghnú agus anailís chriticiúil a dhéanamh orthu;
- tuiscint a chur i bhfeidhm ar chleachtais sna tionsclaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha atá ábhartha dá gcuid oibre;
- a gcuid smaointe a bheachtú agus an obair ag dul ar aghaidh trí thurgnaimh a dhéanamh;
- a gcuid smaointe, breathnuithe, léargais agus breithiúnais neamhspleácha a thaifeadh, go físiúil agus trí anótáil, ag úsáid sainstór cuí focal, agus an obair ag dul ar aghaidh; agus

- úsáid a bhaint as teanga fhísiúil go criticiúil mar rud atá oiriúnach dá n-intinní cruthaitheacha féin agus dá réimse roghnaithe staidéir trí úsáid éifeachtach agus shábháilte a bhaint as na rudaí seo a leanas:
 - na meáin;
 - ábhair;
 - teicnící;
 - próisis; agus
 - teicneolaíochtaí.

3.3 Líníocht

Is rud bunúsach í an líníocht sa phróiseas chruthaitheach i ngach disciplín ealaíne, ceardaíochta agus deartha. Is croí-chleachtas í de chuid ealaíontóirí, dearthóirí agus cleachtóirí ceardaíochta. Cuidíonn sí le daltaí an saol físiúil agus tadhlaigh a fheiceáil agus a thuiscint. Is féidir le gach dalta úsáid a bhaint as an líníocht le faisnéis a thaifeadh, le smaointe a amharcléiriú agus le féidearthachtaí a chur in iúl.

Ní mór do dhaltaí foinsí príomhúla agus foinsí tánaisteacha a úsáid le híomháineachas úrnua a fhorbairt, ag obair in amanna ón bhreathnóireacht dhíreach (ní ó ghrianghraif). Má dhéantar obair ó fhoinsí príomhúla, beidh torthaí níos úrnua agus níos pearsanta ann. San áit a n-úsáidtear foinsí tánaisteacha, caithfidh daltaí aitheantas a thabhairt dóibh. Níl sé riachtanach do dhaltaí máistreacht theicniúil a léiriú ar scileanna líníochta mura bhfuil sin ábhartha don réimse staidéir atá roghnaithe acu. Ba chóir do dhaltaí bheith feasach ar theicneolaíochtaí úra agus ar theicneolaíochtaí atá i mbéal forbartha agus a fhéadtar a úsáid nuair atá líníocht agus marc-chruthú á ndéanamh.

Sa tsonraíocht seo, ciallaíonn líníocht:

- an saol físiúil agus an saol breathnaithe a fhiosrú agus a thaifeadh, ag baint úsáid as marc-chruthú i meáin oiriúnacha;
- smaointe, braistintí, freagairtí céadfacha (lena n-áirítear freagairtí tadhlaigh) agus samhlaíocht a fhiosrú agus a chur in iúl go físiúil trí mharc-chruthú;
- smaointe, íomhánna agus pleananna a imscrúdú agus a fhorbairt trí fhiosrú a dhéanamh ar mheáin líníochta; agus
- turgnaimh a dhéanamh trí líníocht a dhéanamh le huirlisí, ábhair agus teicnící éagsúla, lena n-áirítear meáin dhigiteacha.

Líníocht don mhínealaín, lena n-áirítear péintéireacht agus déanamh priontaí

Úsáideann daltaí réimse leathan de mheáin agus d'ábhair chuí. D'fhéadfadh líníocht a bheith i bhfoirm:

- marc-chruthú;
- sceitsí nó léirithe líneacha;
- staidéir anailíseacha bhreathnaitheacha;
- sceitsí ceapadóireachta nó mionsamhlacha struchtúracha;
- staidéir pheirspictíochta;

- leagain amach agus leagain gharbha;
- monaiphrintáil i réimse meán; agus
- staidéir thurgnamhacha, geáitsíochta nó eispriseacha.

Líníocht don chumarsáid ghrafach

Is féidir an líníocht i gcumarsáid ghrafach a bheith mar chuid den phróiseas ó bhunsmaoineamh go dtí cur i gcrích deiridh an táirge. D'fhéadfadh líníocht a bheith i bhfoirm:

- léaráidí;
- leagan amach agus clóghrafaíocht;
- leaganacha garbha deartha;
- scéalchláir; agus
- líníochtaí digiteacha.

Líníocht don ghrianghrafadóireacht, don íomhá ghluaiste agus don bheochan

Is cineál líníochta í an ghrianghrafadóireacht a bhaineann úsáid as solas. Is féidir í a úsáid le scéal a chur ar chlár nó d'ionramháil íomhánna. Is féidir úsáid a bhaint as meáin chúil líníochta agus ábhair le híomhánna grianghrafadóireachta a athrú. Is féidir le líníocht feabhas a chur ar fhorbairt agus ar thuiscint daltaí ar an dóigh le:

- seatanna a phleanáil;
- mionsceitsí a chruthú;
- a gcuid íomháineachais féin nó íomháineachas daoine eile a anailísiú; agus
- taifeadadh a dhéanamh ar an dóigh ar úsáid cleachtóirí gnéithe foirmiúla físiúla agus teanga fhísiúil.

Líníocht do theicstílí

Is féidir an líníocht a bheith mar chuid den phróiseas forbartha i ndearadh teicstílí. Úsáidtear í le taighde fhísiúil a dhéanamh, le taifeadadh a dhéanamh ó fhoinsí príomhúla agus le teicnící marc-chruthaithe a fhiosrú i réimse meán. D'fhéadfadh líníocht a bheith i bhfoirm fuála, colláise, feiltithe, agus cruthú patrún ag úsáid na meán agus na n-ábhar cuí.

Líníocht don dearadh thríthoiseach, don dealbhóireacht mhínealaíne agus don cheirmeacht

Is féidir líníocht a úsáid le smaoineamh thríthoiseach a léiriú i bhformáid dhéthoiseach. Is féidir le daltaí líníochtaí teicniúla agus saorlámhacha agus dearadh ríomhchuidithe a úsáid le smaointe a amharcléiriú agus le hingearchlónna a chruthú. Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta líníochtaí thríthoiseacha a chruthú, mar shampla, trí:

- cáirtchlár a ghearradh, a mhúnlú agus a fhilleadh;
- tarraingt le sreang mhiotail agus le hábhair den chineál chéanna;
- maquettes a thógáil; nó
- mionsamhlacha a dhéanamh de réir scála.

3.4 Anótáil

Ní dhéantar measúnú foirmiúil ar chaighdeán na cumarsáide scríofa sa cháilíocht seo. Agus sin ráite, is féidir míniúcháin agus anótáil a chomhtháthú isteach in obair fhísiúil lena tacú agus lena míniú. Fiú ag leibhéal bunúsach, is féidir le daltaí eochairstór focal amhail gnéithe foirmiúla físiúla a nascadh le hobair phraiticiúil, rud a léiríonn an tuiscint atá acu. Is féidir leo anótáil a úsáid lena gcuid smaointe, a gcuid breathnuithe agus a gcuid léargas a thaifeadadh agus a chosaint, mar shampla:

- is féidir leo anailís a dhéanamh go criticiúil, léirmhíniú agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid oibre féin agus ar obair daoine eile ag úsáid stór focal ábharshainiúil;
- cuairteanna ar dhánlanna nó ceardlanna praiticiúla a thaifeadadh, agus cur síos agus luacháil a dhéanamh ar íomhánna, réada, táirgí agus a gcuid tuisceana agus foghlama féin;
- turgnaimh, forbairtí, tionchair, oiriúnacht na meán, ábhair, teicnící, próisis agus teicneolaíocht a thaifeadadh nó a mhíniú;
- smaointe, braistintí agus bríonna a chur in iúl;
- plé a dhéanamh ar an dóigh a mbaineann íomhánna, déantúsáin agus táirgí le comhthéacsanna sóisialta, stairiúla, cultúrtha agus gairmiúla;
- a dtuiscint mhéadaitheach ar chleachtais sna tionsclaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha agus a hábharthacht ina gcuid oibre féin a thaifeadadh; nó
- a gcomhoibriú le daoine eile a thaifeadadh agus a luacháil nuair atá sé ábhartha.

Is féidir le daltaí aon mhodh cuí a úsáid leis an anótáil agus luacháil a fhorbairt agus a chur isteach. Is féidir leo comhráite, criticí agus díospóireachtaí a thaifeadadh agus a gcuid smaointe a chur i láthair trí mheán digiteach ar bith cuí, ar an choinníoll gur féidir é a dhearbhu agus a chur ar fáil go furasta má chuirtear isteach le haghaidh measúnú é.

Ba chóir gach ábhar físiúil ó fhoinsí tánaisteacha a aithint agus a úsáid go smaointeach agus go cruthaitheach. Ní mór tagairt a dhéanamh fosta d'fhoinsí scríofa, lena n-áirítear sleachta díreacha ó údair eile. Féach Aguisín 3 le liosta a fháil den stór focal agus den eolas ábhar-shainiúil a mbeifí ag dúil leis.

3.5 Disciplíní ealaíne, ceardaíochta agus deartha

Is féidir le daltaí staidéar a dhéanamh ar cheann ar bith de na disciplíní ealaíne, ceardaíochta agus deartha atá liostaithe thíos, nó meascán acu ar fud an chúrsa seo, ach amháin i gComhpháirt 1 Cuid A, ina gcaithfidh siad staidéar a dhéanamh ar dhá dhisciplín ar a laghad.

- Mínealaín - líníocht agus péinteáil
- Mínealaín - dealbhóireacht
- Mínealaín - déanamh priontaí
- Teicstílí
- Ceirmeacht
- Dearadh grafach
- Grianghrafadóireacht

- Íomhánna gluaiste nó beochan
- Meáin dhigiteacha
- Dearadh 3T

3.6 Comhpháirt 1 Páirt A: Portfóilió Turgnamhach

Is fiú 60 faoin chéad d'fhoriomlán na marcanna don chúrsa Comhpháirt 1 agus tá dhá chuid ann (A agus B).

Is é fócas Pháirt A ná daltaí a spreagadh lena gcumas a fhorbairt le turgnaimh a dhéanamh sna disciplíní a liostaíodh roimhe seo. Foghlaimíonn daltaí trí fhiosrú praiticiúil a dhéanamh ar chleachtóirí, ar na comhthéacsanna a mbíonn siad ag obair iontu, agus ar na próisis a úsáideann siad. Forbraíonn daltaí a smaointe trí fhreagairt go cruthaitheach ar obair daoine eile. Ní mór dóibh **dhá** dhisciplín éagsúla ar a laghad a fhiosrú ó na cinn a liostaíodh ach is féidir leo a mhéad disciplíní éagsúla agus is mian leo a fhiosrú agus a chur le chéile.

Bíonn daltaí ag fiosrú agus ag tuiscint na ngnéithe foirmiúla físiúla den ealaín agus den dearadh trína gcuid oibre féin agus trí obair daoine eile maidir leis na próisis seo, lena n-áirítear:

- dath;
- líne;
- cruth;
- foirm;
- uigeacht;
- ton; agus
- patrún.

Déanann siad fiosrú ar na tréithe, na hairíonna agus na héifeachtaí a bhaineann le meáin, ábhair, teicnící, próisis agus teicneolaíochtaí. Déanann siad turgnaimh lena gcuid smaointe agus déanann siad beachtú orthu agus an obair ag dul ar aghaidh.

Spreagtar iad le bheith nuálach, cruthaitheach agus machnamhach ina gcuid oibre. Déanann daltaí a gcuid oibre a thaifeadadh i leabhar sceitsí, i ndialann nó i bportfóilió de chineál éigin eile agus í ag dul ar aghaidh.

Cuireann daltaí portfóilió isteach a léiríonn foghlaim agus dul chun cinn le haghaidh measúnú. B'fhéidir go mbeadh torthaí ann mar gheall ar an fhiosrú; agus sin ráite, ní gá torthaí críochnúla a tháirgeadh sa chomhpháirt seo. Cuirtear an portfóilió críochnaithe d'obair thurgnamhach isteach mar thoradh faoi choinne chuspóir an mheasúnaithe.

Cuspóirí an Mheasúnaithe	Torthaí Foghlama
<p>CM1 Smaointe a fhorbairt trí imscrúduithe, ag léiriú tuiscint chriticiúil ar fhoinsí</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • anailís a dhéanamh ar úsáid na ngnéithe foirmiúla físiúla den ealaín agus den dearadh i saothar daoine eile agus iad a fhiosrú ina gcuid oibre féin; • taighde agus fiosrú a dhéanamh ar theicnící agus ar phróisis cleachtóirí eile le heolas a chur ar fáil dá gcleachtais féin; agus • smaointe a fhorbairt trí fhiosruithe praiticiúla.
<p>CM2 Obair a bheachtú trí smaointe a fhiosrú, ag roghnú agus ag déanamh turgnamh le meáin, ábhair, teicnící agus próisis oiriúnacha;</p> <p>CM3 Smaointe, breathnuithe agus léargais atá ábhartha do na rúin acu a thaifeadadh agus an obair ag dul ar aghaidh</p> <p>CM4 Freagairt phearsanta agus ábhartha a chur i láthair a thugann intinní chun críche agus a léiríonn tuiscint ar theanga fhísiúil</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • na tréithe, airíonna agus éifeachtaí a bhaineann le meáin, ábhair, teicnící, próisis agus teicneolaíochtaí difriúla a fhiosrú; • rioscaí a ghlacadh agus foghlaim ón taithí atá acu agus iad ag fiosrú agus ag déanamh turgnaimh le smaointe agus le próisis; • a gcuid smaointe a bheachtú agus an obair ag dul ar aghaidh trí thurgnaimh a dhéanamh; • a gcuid smaointe, breathnuithe agus léargais a chur in iúl ar dhóigh intuigthe, agus teanga fhísiúil agus/nó anótáil a úsáid lena n-áirítear sainstór focal; • marc-chruthú agus scileanna líníochta a fhiosrú do riachtanais agus do chuspóirí éagsúla; agus • portfóilió comhleanúnach oibre a chur i láthair, a léiríonn foghlaim agus dul chun cinn agus tuiscint ar theanga fhísiúil.

3.7 Comhpháirt 1 Páirt B: Imscrúdú a Dhéanamh ar Na Tionsclaíochtaí Cruthaitheacha agus Cultúrtha

Comhlánaíonn daltaí **ceann amháin** de na tascanna praiticiúla seo a leanas mar ar cuireadh síos orthu i leabhrán measúnú rialaithe Chomhpháirt 1 Páirt B.

1. Imscrúdú ar ealaíontóir, ar dhearthóir, ar ghluaiseacht nó ar ghné eile den ealaín agus den dearadh a mbeidh freagairt phearsanta mar thoradh air.
2. Freagairt ar threoir le haghaidh dearadh nó ar choimisiún sna hamharcealaíona.
3. Rannpháirtíocht i dtionscadal comhoibríoch a bhfuil ról aige atá sainmhínithe go soiléir agus a bhfuil toradh air is féidir a chur i láthair faoi choinne measúnú aonair.

Tógann daltaí ar an eolas, ar na scileanna agus ar an mhuinín a fuair siad i gComhpháirt 1 Cuid A. Téann siad i ngleic leis na róil agus na deiseanna difriúla sna tionsclaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha agus léiríonn siad tuiscint orthu.

Múinteoirí a shocraíonn na tascanna, bunaithe ar shamplaí ón leabhrán measúnú rialaithe a chuireann muid ar fáil. Déanann múinteoirí machnamh ar na hacmhainní atá ar fáil dóibh agus pleanálann siad a gcúrsa dá réir sin. An chuid seo den chúrsa, is féidir í a thabhairt don ghrúpa teagasc ar fad mar mhionteagasc nó is féidir le múinteoirí ligean do dhaltaí rogha a dhéanamh as réimse roghanna bunaithe ar na samplaí a thugtar sa leabhrán measúnú rialaithe. Tá an leabhrán seo ar fáil ar mhicreashuíomh GCSE Ealaín agus Dearadh agus is féidir go ndéanfaí athbhreithniú agus nuashonrú air le linn shaol na sonraíochta seo.

Cruthaíonn múinteoirí deiseanna do cheann amháin nó níos mó de na rudaí seo a leanas agus an cúrsa á phleanáil acu:

- imscrúdú ar ealaín, ar cheardaíocht agus ar dhearadh i gcomhthéacsanna, i sochaithe agus i gcultúir stairiúla agus chomhaimseartha;
- cuairt ar iarsmalann, cuairt ar dhánlann nó turas allamuigh;
- ceardlann nó ceardlanna le cleachtóirí nó le gairmithe tionsclaíochta;
- imscrúdú a dhéanamh nó dul i ngleic le cleachtas oibre cleachtóirí nó gairmithe tionsclaíochta; nó
- comhoibriú a dhéanamh ar thionscadal ealaíne, ceardaíochta nó deartha, bíodh sin ar scoil nó sa phobal níos leithne, mar ghrúpa nó mar dhuine aonair.

Téann daltaí i ngleic le hobair agus le cleachtais ealaíontóirí, dearthóirí agus cleachtóirí ceardaíochta. Forbraíonn siad tuiscint ar na róil dhifriúla agus ar na cleachtais aonair oibre atá follasach i dtáirgeadh ealaíne, ceardaíochta agus deartha sna tionsclaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha. Tosaíonn siad ar a gcuid smaointe féin a fhorbairt tríd an rannpháirtíocht phraiticiúil seo.

Déanann daltaí fiosrú agus turgnaimh ar na meáin ábhartha, ar ábhair, ar theicnící, ar phróisis agus ar theicneolaíochtaí mar fhreagairt ar a dtasc. Déanann siad a gcuid scileanna agus smaointe a fhorbairt agus a bheachtú agus an obair ag dul ar aghaidh.

Éiríonn siad níos neamhspleáiche i rith an ama agus tagann forbairt bhreise ar an dóigh a dtuigeann siad agus a gcuireann siad an teanga fhísiúil i bhfeidhm.

Déanann daltaí a gcuid taighde, foghlama agus dul chun cinn a dhoiciméadú trí leabhar sceitsí comhthéacsúil imscrúdaitheach, dialann, portfóilió, taifead digiteach ar nós PowerPoint, físeán le fuaimrian, suíomh gréasáin, láithreoireacht shuiteáilte nó formáid chuí eile. Úsáideann siad teanga fhísiúil agus/nó anótáil leis an dóigh ar fhorbair a gcuid oibre a léiriú.

Úsáideann daltaí líníocht le tacú leis an phróiseas forbartha a bhaineann lena dtasc praiticiúil. Níl sé riachtanach do dhaltáí máistreacht theicniúil a léiriú ar scileanna líníochta mura bhfuil sin ábhartha don réimse staidéir atá roghnaithe acu.

Táirgeann daltaí toradh i bhfoirm freagairt phearsanta, freagairt ar mhionteagasc, nó réiteach deartha. Is féidir an toradh a thabhairt i bhformáid chuí ar bith, lena n-áirítear meáin dhigiteacha.

Cuspóirí an Mheasúnaithe	Torthaí Foghlama
<p>CM1 Smaointe a fhorbairt trí imscrúduithe, ag léiriú tuiscint chriticiúil ar fhoinsí</p> <p>CM2 Obair a bheachtú trí smaointe a fhiosrú, ag roghnú agus ag déanamh turgnamh le meáin, ábhair, teicnící agus próisis oiriúnacha</p>	<p>Ba chóir do dhaltáí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • smaointe a fhorbairt trí ealaíontóirí, dearthóirí nó cleachtóirí ceardaíochta ábhartha a imscrúdú; • tuiscint a léiriú ar ról amháin nó níos mó nó cleachtais oibre a bhaineann le healaín, le ceardaíocht agus le dearadh a tháirgeadh i dtionsclaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha; • turgnaimh a dhéanamh le meáin, le hábhair, le teicnící, le próisis agus le teicneolaíochtaí ábhartha le scileanna a bheachtú mar fhreagairt ar a dtasc praiticiúil; agus • smaointe agus moltaí, torthaí agus réitigh phearsanta a fhorbairt agus a bheachtú le neamhspleáchas méadaitheach, (agus más cuí don tasc acu, trí chomhoibriú le daoine eile).

Cuspóirí an Mheasúnaithe	Torthaí Foghlama
<p>CM3 Smaointe, breathnuithe agus léargais atá ábhartha do na rúin acu a thaifeadh agus an obair ag dul ar aghaidh</p> <p>CM4 Freagairt phearsanta agus ábhartha a chur i láthair a thugann intinní chun críche agus a léiríonn tuiscint ar theanga fhísiúil</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • a gcuid smaointe, léargas, pleananna agus intinní a thaifeadh ar bhonn comhleanúnach; • teanga chuí fhísiúil agus/nó anótáil atá ábhartha dá dtasc agus do na tionsclaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha a úsáid le taifeadh a dhéanamh; • scileanna líníochta a úsáid do na riachtanais agus feidhmeanna atá cuí do chomhthéacs na hoibre (mar phróiseas eispriseach, agus/nó mar uirlis don phleanáil, don taifeadh nó don fhorbairt); • intinní a thabhairt chun críche agus toradh a chomhlánú tríd an phróiseas chruthaitheach a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach; • tuiscint ar theanga fhísiúil a chur i bhfeidhm ar a dtoradh; agus • tuiscint a léiriú ar chuspóirí, intinní agus fheidhmeanna na healaíne, na ceardaíochta agus an deartha.

3.8 Comhpháirt 2: Tasc Socraithe go Seachtrach

Is é Comhpháirt 2 an tasc socraithe go seachtrach agus is ionann í agus 40 faoin chéad de na marcanna foriomlána don chúrsa. Scaoileann muid an páipéar spreagtha i dtús Mhí Eanáir de bhliain an scrúdaithe agus ní mór do dhaltaí **20 uair an chloig, ar a laghad**, d’obair ullmhúcháin a dhéanamh mar fhreagairt ar an téama.

Ní mór do dhaltaí toradh deiridh a tháirgeadh agus a chomhlánú bunaithe ar an obair ullmhúcháin seo taobh istigh de thréimhse shocraithe de **10 n-uair an chloig**. Déanann siad seo faoi dhálaí measúnú rialaithe (féach Roinn 6.5) agus comhlánóidh siad é faoin dáta atá sonraithe againn.

Forbraíonn daltaí smaointe mar fhreagairt ar an pháipéar spreagtha. Déanann siad imscrúdú ar obair ealaíontóirí, ar chleachtóirí ceardaíochta agus ar dhearthóirí agus ar fhoinsí eile lena bpróiseas cruthaitheach a spreagadh agus le bonn eolais a chur faoi.

Forbraíonn daltaí na scileanna le:

- fiosrú a dhéanamh agus tógáil ar a dtuiscint ar ghnéithe foirmiúla físiúla den ealaín agus den dearadh, lena n-áirítear:
 - dath;
 - líne;
 - cruth;
 - foirm;
 - uigeacht;
 - ton; agus
 - patrún;
- na gnéithe foirmiúla físiúla a fhiosrú trí na meáin, na teicnící, na próisis agus na teicneolaíochtaí difriúla a roghnaigh siad;
- feidhm a bhaint as cáilíochtaí agus tréithe a bhaineann le meáin agus le teicneolaíochtaí;
- réimse cur chuige reatha agus nuálach le fadhbanna a réiteach a chur i bhfeidhm agus a luacháil;
- machnamh a dhéanamh ar a gcuid oibre féin, agus an luach a aithint a bhaineann le treo a athrú nó le dul sa tseans le dul chun cinn a dhéanamh;
- a gcuid oibre a eagrú agus a chur i láthair faoi choinne measúnaithe agus modhnóireachta, agus foghlaim agus dul chun cinn á léiriú acu;
- teanga fhísiúil agus/nó anótáil a úsáid le tuiscint a léiriú ar an dóigh ar fhorbair a gcuid oibre; agus
- líníocht a úsáid le tacú leis an phróiseas fhorbartha a bhaineann leis an réimse staidéir a roghnaigh siad. (Níl sé riachtanach do dhaltaí máistreacht theicniúil a léiriú ar scileanna líníochta mura bhfuil sin ábhartha don réimse staidéir atá roghnaithe acu.)

Forbraíonn agus cruthaíonn daltaí toradh atá oiriúnach don chuspóir agus a chuireann intinní pearsanta in iúl nó a riarann ar riachtanais deartha. Ba cheart dóibh

intinní a chur i gcrích trí rannpháirtíocht bhríomhar le teanga fhísiúil. Tugann siad lucht féachana, tomhaltóir agus/nó feidhm san áireamh agus iad ag cur a gcuid oibre i láthair. Déanann siad a gcuid ama a phleanáil agus a bhainistiú go héifeachtach ionas gur féidir leo an toradh deiridh a chomhlánú taobh istigh den tréimhse shocraithe de 10 n-uair an chloig, faoi dhálaí scrúdaithe.

Cuspóirí an Mheasúnaithe	Torthaí Foghlama
<p>CM1 Smaointe a fhorbairt trí imscrúduithe, ag léiriú tuiscint chriticiúil ar fhoinsí</p> <p>CM2 Obair a bheachtú trí smaointe a fhiosrú, ag roghnú agus ag déanamh turgnamh le meáin, ábhair, teicnící agus próisis oiriúnacha</p> <p>CM3 Smaointe, breathnuithe agus léargais atá ábhartha do na hintinní acu a thaifeadadh agus an obair ag dul ar aghaidh</p> <p>CM4 Freagairt phearsanta agus ábhartha a chur i láthair a thugann intinní chun críche agus a léiríonn tuiscint ar theanga fhísiúil</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • smaointe a fhorbairt trí imscrúduithe a dhéanamh ar cuireadh bonn eolais fúthu trí obair a roghnú agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar obair cleachtóirí eile; • tuiscint a bheith acu ar cad é mar is féidir le gnéithe foirmiúla físiúla bríonna, smaointe agus intinní a chur in iúl ina gcuid oibre féin agus in obair daoine eile; • fianaise den chruthaitheacht, den nuálaíocht, agus/nó de réiteach fadhbanna a léiriú agus forbairt a choinneáil a bhfuil cuspóir leis le dul chun cinn a dhéanamh; • smaointe agus scileanna a bheachtú de réir mar a théann an obair ar aghaidh trí roghnú a dhéanamh agus turgnaimh a dhéanamh le meáin, ábhair, teicnící, próisis agus teicneolaíochtaí cuí; • smaointe, breathnuithe agus léargais a thaifeadadh i bhfoirm fhísiúil agus/nó trí anótáil, ag úsáid sainstór cuí focal; • tarraingt ar fhoinsí príomhúla agus tánaisteacha, mar uirlis thaifeadta nó mar uirlis eispriseach agus/nó pleanála; • intinní a thabhairt chun críche agus freagairt a chur i láthair, tríd an phróiseas chruthaitheach a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach; • tuiscint ar theanga fhísiúil a chur i bhfeidhm agus a dtoradh á tháirgeadh; agus • tuiscint a léiriú ar chuspóirí, intinní agus feidhmeanna na healaíne, na ceardaíochta agus an deartha i gcomhthéacsanna a bhaineann lena gcuid oibre féin.



INVESTORS
IN PEOPLE

